Cuntas Leithreasa 2020

# Vóta 2

# Roinn an Taoisigh

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 2, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 i gcomhair thuarastail agus speansais Roinn an Taoisigh, i gcomhair seirbhísí áirithe arna riar ag an Roinn agus i gcomhair deontais áirithe a íoc.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2020, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear farasbarr €11.831 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gCiorclán 22 de 2020, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú seachas i gcás an mhéid seo a leanas.

***Dímheas***

Déantar sócmhainní caipitil a dhímheas de réir méid cothrom thar a saolré úsáideach, ag tosú sa mhí ina gcuirtear i seirbhís iad.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm a chinntiú go mbíonn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á chothabháil agus á fheidhmiú ag an Roinn.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní a bhíonn ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcumhdaítear sócmhainní, go n-údaraítear agus go dtaifeadtar idirbhearta go cuí, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó go mbraithfí in am trátha iad. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus coinnítear an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú leanúnach.

***Seirbhísí comhroinnte***

Déanann an tIonad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais (FSS) i gCill Airne, atá ina chuid den Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, an phróiseáil ar idirbhearta airgeadais a sholáthar ar bhonn seirbhísí comhroinnte. Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam i dtaca le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir Roinn an Taoisigh agus na Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais chun an tseirbhís chomhroinnte seo a sholáthar.

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir Roinn an Taoisigh agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (NSSO) i ndáil le seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla a sholáthar.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ón Oifigeach Cuntasaíochta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfuil na rialuithe cuí á bhfeidhmiú i ndáil le seirbhísí comhroinnte a sholáthar do Roinn an Taoisigh.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na nithe seo a leanas ina gcuid di.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal ag ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí i ndáil leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Tá nósanna imeachta i gcomhair na bpríomhphróiseas gnó go léir doiciméadaithe.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas:

- córas buiséadaithe iomchuí le buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag lucht bainistíochta sinsearaí
- athbhreithnithe rialta ag lucht bainistíochta sinsearaí ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamh-mheastachán
- córas bainistíochta riosca taobh istigh den Roinn
- córais atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil chomh maith le disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail.

***Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Roinn le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá ceadaithe agam. Treoraíonn anailís ar na rioscaí airgeadais, dá nochtar an Roinn, a hobair agus bíonn a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, a bhíonn á gceadú agamsa, bunaithe ar an anailís sin. Féachtar leis an bplean seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. Bíonn athbhreithniú á dhéanamh ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí agamsa agus ag an gCoiste Iniúchóireachta go tréimhsiúil. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomh leantach i leith thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

***Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair***

Dearbhaím go gcinntíonn an Roinn go bhfuil fócas cuí ar dhea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha uile.

Chomhlíon an Roinn na treoirlínte seachas i gcás conradh amháin (sa bhreis ar €25,000), a raibh luach €93,884 ar an iomlán air (gan CBL a áireamh), le haghaidh seirbhísí teileafónaíochta, rud a dámhadh gan próiseas iomaíoch agus atá curtha san áireamh sa tuairisceán maidir le ciorclán 40/2002. Measadh é a bheith neamhchomhlíontach mar nach ndearnadh athbhreithniú air ón mbliain 2013. Scrúdaigh an Roinn roghanna maidir le tarraingt anuas i ndáil leis an tseirbhís seo ó chreat nua OGP. Tugadh cuireadh chun tairisceana do na seacht soláthraí seirbhíse ar fad faoin gcreat, ach níor roghnaigh aon cheann acu tairiscint a chur isteach. Tá na socruithe leis an soláthraí a bhí ann cheana i bhfeidhm fós agus déanfar athbhreithniú orthu ar bhonn rialta.

Tá sonraí tugtha ag an Roinn ar cheithre chonradh neamhiomaíoch sa tuairisceán bliantúil maidir le ciorclán 40/2002 don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn lena sonraítear agus lena dtuairiscítear rioscaí buntábhachtacha agus na gníomhartha bainistíochta a dhéantar chun aghaidh a thabhairt orthu agus, oiread agus is féidir, na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm ina n-aithnítear na príomhrioscaí atá le sárú ag an Roinn agus tá siad sin aitheanta, measúnaithe agus grádaithe de réir tábhachta. Déantar an clár a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta go rialta i gcomhar le bainistíocht shinsearach na Roinne. Baintear leas as torthaí na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithroinnt chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú de réir leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha atá de dhíth chun rioscaí a mhaolú agus déantar freagracht i ndáil le feidhmiú rialuithe a shannadh d’aonaid ghnó shonracha.

Mír bhuan ar chlár oibre Choiste Iniúchóireachta na Roinne is ea bainistíocht riosca freisin.

Tá an próiseas bliantúil um Measúnú Náisiúnta Riosca, faoi mhaoirsiú Roinn an Taoisigh, ar bun freisin agus cuirtear deis ar fáil leis sainaithint agus plé a dhéanamh ar rioscaí straitéiseacha atá os comhair na hÉireann sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma. Níor foilsíodh an Measúnú Náisiúnta Riosca sa bhliain 2020 agus tá sé beartaithe measúnú a dhéanamh ar an mbealach is fearr chun leas a bhaint as an bpróiseas agus é a fhorbairt d'fhonn a chinntiú go mbeidh ról tábhachtach aige fós amach anseo maidir leis na rioscaí a bheidh roimh Éirinn a aithint, mar aon leis na bealaí is fearr le hullmhú dóibh.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe le haghaidh monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd a bhíonn freagrach as gníomhartha ceartaitheacha a dhéanamh agus don bhainistíocht agus don Choiste Comhairleach Bainistíochta (*MAC*), i gcás gurb ábhartha. Deimhním go bhfuil rioscaí buntábhachtacha agus rialuithe gaolmhara sonraithe agus go bhfuil próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na rialuithe buntábhachtacha sin agus chun aon easnaimh shonraithe a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta um bainistiú agus rialú riosca. Bíonn monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais á dtreorú ag obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus na bainistíochta sinsearaí laistigh den Roinn a bhíonn freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

***Paindéim Covid-19***

De thoradh phaindéim Covid-19 i dtús na bliana 2020, tháinig roinnt athruithe ar an timpeallacht oibre agus is gnáthnósanna oibre anois iad an chianobair agus an ríomhobair, do líon áirithe ball foirne, i Roinn an Taoisigh. Tugadh faoi mheasúnú maidir le tionchar Covid-19 ar an timpeallacht rialaithe agus níor aithníodh athruithe ar bith ar an bpróiseas rialaithe. Dearbhaím go bhfuil na rialuithe a bhí ann cheana éifeachtach fós.

***Saincheisteanna maidir le rialú inmheánach airgeadais***

Níor aithníodh aon laigí i rialú inmheánach airgeadais a bhí le nochtadh sa chuntas leithreasa maidir le 2020.

**Martin Fraser**
Oifigeach Cuntasaíochta
Roinn an Taoisigh

31 Márta 2021

# An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

# Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

# Vóta 2 Roinn an Taoisigh

## Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 2 Roinn an Taoisigh don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 2 Roinn an Taoisigh don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

### *An bonn faoi mo thuairim*

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le Roinn an Taoisigh agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

## Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

14 Meitheamh 2021

# Vóta 2 Roinn an Taoisigh

## Cuntas Leithreasa 2020

| | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|
| | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas an chláir** | | | |
| A Tacú le hobair an Taoisigh agus an Rialtais | 54,868 | 42,808 | 25,188 |
| **Ollchaiteachas** | **54,868** | **42,808** | **25,188** |
| *Lúide* | | | |
| B **Leithreasaí-i-gcabhair** | **855** | **626** | **707** |
| **Glanchaiteachas** | **54,013** | **42,182** | **24,481** |

**Farasbarr**

Dlífear farasbarr na suime a soláthraíodh, os cionn na glansuime a caitheadh, a ghéilleadh don Státchiste.

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| **Farasbarr le géilleadh** | **11,831,030** | **9,856,031** |

**Martin Fraser**
Oifigeach Cuntasaíochta
Roinn an Taoisigh

31 Márta 2021

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2020

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Costas an chláir | | 23,860 | 6,694 |
| Pá | | 15,667 | 14,635 |
| Neamhphá | | 3,281 | 3,859 |
| **Ollchaiteachas** | | **42,808** | **25,188** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **626** | **707** |
| **Glanchaiteachas** | | **42,182** | **24,481** |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgid thirim | (37) | | |
| Dímheas | 208 | 171 | (181) |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhruithe deiridh | 1,105 | | |
| Laghdú ar stoc | 53 | | |
| | | 1,158 | 1,132 |
| **Caiteachas díreach** | | **43,511** | **25,432** |
| **Caiteachas a iompraíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 4,917 | 4,932 |
| Measchíosanna | | 1,517 | 1,517 |
| **Glanchostas an chláir** | | **49,945** | **31,872** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas i ndáil le Vóta 2 a iompraíodh in áit eile, glan ar chostais na seirbhísí comhroinnte a cuireadh ar fáil do Vótaí eile.

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 8 | 8 |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 3,490 | 3,351 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 638 | 846 |
| Vóta 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 25 | 23 |
| Vóta 20 | An Garda Síochána | 205 | 211 |
| Vóta 24 | Dlí | 55 | 54 |
| Vóta 36 | Cosaint | 85 | 82 |
| An Príomh-Chiste: Pinsin Taoisigh agus Airí | | 411 | 348 |
| | | **4,917** | **4,923** |

## Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2020

| | Nóta | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 1,039 | 1,210 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.2 | 400 | 262 |
| Stoic | 2.3 | 72 | 126 |
| Réamhíocaíochtaí | | 365 | 296 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.4 | 335 | 99 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | 1,172 | 783 |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | | 2,580 | 1,406 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.5 | 675 | 625 |
| Glanmhaoiniú Státchiste | 2.6 | 59 | (263) |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | 3,314 | 1,768 |
| **Glansócmhainní reatha** | | (2,142) | (985) |
| **Glandliteanais** | | **(1,103)** | **225** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe Stáit** | 2.7 | **(1,103)** | **225** |

## 2.1 Sócmhainní caipitil

| | Troscán agus feistis | Trealamh oifige | Sócmhainní atá á bhforbairt | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | |
| Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2020 | 667 | 1,348 | 488 | 2,503 |
| Breiseanna | -- | 37 | --- | 37 |
| Diúscairtí | (5) | — | — | (5) |
| Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2020 | 662 | 1,385 | 488 | 2,535 |
| **Dímheas carntha** | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2020 | 536 | 757 | — | 1,293 |
| Dímheas don bhliain | 22 | 186 | — | 208 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (5) | — | — | (5) |
| Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2020 | 553 | 943 | — | 1,496 |
| **Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020** | **109** | **442** | **488** | **1,039** |
| Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2019 | 131 | 591 | 488 | 1,210 |

## 2.2. Banc agus airgead tirim

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim | 399 | 261 |
| Iarmhéid cuntais bainc eile | 1 | 1 |
| | **400** | **262** |

## 2.3 Stoic

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
| --- | --- | --- |
| | €000 | €000 |
| Bronntanais oifigiúla | 20 | 23 |
| Stáiseanóireacht | 40 | 58 |
| Foilseacháin | 1 | 41 |
| Ábhar inchaite | 11 | 4 |
| | **72** | **126** |

## 2.4 Iarmhéideanna dochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
| --- | --- | --- |
| | €000 | €000 |
| Tuarastail in-fhorchúitithe | 5 | — |
| Caiteachais taistil a forchúitíodh | 2 | 89 |
| Míreanna dochair eile ar fionraí | 328 | 10 |
| | **335** | **99** |

## 2.5 Iarmhéideanna sochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
| --- | --- | --- |
| | €000 | €000 |
| **Suimeanna dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 303 | 263 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 134 | 117 |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 86 | 122 |
| Cáin bhreisluacha | 26 | 32 |
| | 549 | 534 |
| Asbhaintí párolla á gcoinneáil ar fionraí | 126 | 85 |
| Míreanna sochair eile ar fionraí | — | 6 |
| | **675** | **625** |

## 2.6 Glanmhaoiniú Státchiste

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Farasbarr le géilleadh | 11,831 | 9,856 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (11,772) | (10,119) |
| **Glanmhaoiniú Státchiste** | **59** | **(263)** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 399 | 262 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 335 | 99 |
| | 734 | 361 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (549) | (533) |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | (126) | (91) |
| | (675) | (624) |
| | **59** | **(263)** |

## 2.7 Cuntas maoinithe Stáit

| | Nóta | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | | | 225 | 1,177 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 54,013 | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (11,831) | | |
| Glanvóta | | | 42,182 | 24,481 |
| Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile | 1 | | 4,917 | 4,923 |
| Míreanna neamhairgid - coigeartú | | | 1 | (1) |
| Caiteachas neamhairgid – measchíos | 1 | | 1,517 | 1,517 |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (49,945) | (31,872) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | | | **(1,103)** | **225** |

## 2.8 Ceangaltais

**Ceangaltais dhomhanda**

| Ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Soláthar earraí agus seirbhísí | **171** | **30** |

## 2.9 Dliteanais Theagmhasacha

Tá an dá chás Ard-Chúirte a bhaineann le rochtain ar fhaisnéis maidir leis na hiarrataí comhshaoil a luadh mar dhliteanais theagmhasacha i gcuntas leithreasa na bliana 2019 ag dul ar aghaidh fós, agus d'fhéadfadh costais a bheith mar thoradh orthu sin.

Tá an Roinn ag fanacht ar chinneadh i ndáil le costais chomh maith i ndiaidh cás Ard-Chúirte in 2020, rud a bhain le forálacha bunreachta lena rialaítear cruinnithe an tSeanaid.

## Nóta 3 Caiteachas Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Áirítear caiteachas riaracháin a leagtar amach anseo thíos i gClár A chun costais iomlána chláir a chur i láthair.

| | | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 16,907 | 15,667 | 14,635 |
| ii | Taisteal agus cothú | 730 | 216 | 476 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | 2,826 | 1,074 | 1,688 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 360 | 290 | 224 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 1,060 | 1,060 | 1,106 |
| vi | Costais áitribh oifige | 376 | 641 | 365 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus seirbhísí eile | 18 | — | — |
| | | **22,277** | **18,948** | **18,494** |

**Difríochtaí suntasacha**

Déantar anailís sa nóta seo a leanas ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus déantar cur síos ar na cúiseanna atá le difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000).

i **Tuarastail, pá agus liúntais**

*Soláthar meastacháin €16.907 milliún; toradh €15.667 milliún*

Is mar thoradh ar mhoilleanna maidir le folúntais a líonadh mar a bhí beartaithe a tháinig laghdú €1.24 milliún ar an gcaiteachas ar thuarastail, pá agus liúntais.

ii **Taisteal agus cothú**

*Soláthar meastacháin €730,000; toradh €216,000*

Is mar gheall ar laghdú suntasach ar thaisteal de dheasca Covid-19 a tháinig laghdú €514,000 ar chaiteachas taistil agus cothaithe.

iii **Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha**

*Soláthar meastacháin €2.826 milliún; toradh €1.074 milliún*

Is mar thoradh ar chaiteachas a bheith níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis ar fud raon réimsí, go leor acu a bhain le tionchar Covid-19, a tháinig laghdú €1.752 milliún ar chaiteachas oiliúna agus forbartha agus ar speansais theagmhasacha. Áirítear orthu sin imeachtaí Stáit, oiliúint agus forbairt, agus an tairseach gov.ie. Fritháiríodh an coigilteas faoin bhfo-mhírcheann seo in aghaidh caiteachais a tabhaíodh faoi fho-mhírcheann vi Costais áitribh oifige.

vi **Costais áitribh oifige**

*Soláthar meastacháin €376,000; toradh €641,000*

Bhí méadú €265,000 ar chaiteachas ar chostais áitribh oifige mar gheall gur tugadh faoi obair riachtanach athchóirithe chun lóistín breise a chur ar fáil i gCaisleán Bhaile Átha Cliath. Ceadaíodh aistriú ó fho-mhírcheann iii Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha lena fhritháireamh in aghaidh róchaiteachais faoin bhfo-mhírcheann seo.

## Clár A Tacú le hobair an Taoisigh agus an Rialtais

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| A.1 | Riarachán - pá | 16,907 | 15,667 | 14,635 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | 5,370 | 3,281 | 3,859 |
| A.3 | An Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialach | 2,099 | 1,761 | 1,876 |
| A.4 | Binsí Fiosrúcháin | 4,209 | 1,422 | 929 |
| A.5 | Coimisiúin Imscrúdúcháin | 4,424 | 3,044 | 3,688 |
| A.6 | Tionól Saoránach | 1,859 | 732 | 201 |
| A.7 | Cumarsáid phoiblí maidir le Covid-19 | 20,000 | 16,901 | — |
| | | **54,868** | **42,808** | **25,188** |

**Difríochtaí suntasacha**

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas riaracháin (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí an caiteachas a bhain le Clár A €12.06 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh (ar dtús.) Bhain €3.329 milliún den mhéid sin le caiteachas riaracháin a bhfuil difríochtaí suntasacha ina leith mínithe cheana. Is mar gheall ar na nithe seo den chuid is mó a tharla athrú ar an iarmhéid €8.731 milliún:

**A.3 An Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialach**

*Soláthar meastacháin €2.099 milliún; toradh €1.761 milliún*

Mar thoradh ar dhá phost gan líonadh agus ar laghdú foirne de bharr scoir, bhí easnamh €338,000 ann i gcaiteachas i gcomparáid leis an soláthar meastacháin.

**A.4 Binsí Fiosrúcháin**

*Soláthar meastacháin €4.209 milliún; toradh €1.422 milliún*

Bhí easnamh €2.787 milliún ann i gcaiteachas i gcomparáid leis an soláthar meastacháin toisc go raibh líon na n-éileamh i dtaca le costais dlí a glanadh in 2020 níos ísle ná mar a measadh. Níl aon smacht ag an Roinn ar chostais dlí tríú páirtí a dhámhann na Binsí Fiosrúcháin agus tá sé dodhéanta uainiú glanta a thuar i dtaca le glanadh na gcostas tríú páirtí a bheidh dlite ag am áirithe ar bith.

**A.5 Coimisiúin Imscrúdúcháin**

*Soláthar meastacháin €4.424 milliún;  toradh €3.044 milliúin*

Tá coimisiúin imscrúdúcháin neamhspleách ar Roinn an Taoisigh agus braitheann a leibhéil chaiteachais ar riachtanais agus ceanglais a n-imscrúdaithe ar an gcéad dul síos. Tharla an tearc-chaitheamh €1.38 milliún i gcomparáid leis an soláthar meastacháin mar thoradh ar an deacracht a bhí ag an gCoimisiún tuar cruinn a dhéanamh maidir le leibhéal agus uainiú a riachtanas caiteachais féin, lena n-áirítear caiteachas ag eascairt as cinntí le costais tríú páirtí a dhámhachtain.

**A.6 Tionól Saoránach**

*Soláthar meastacháin €1.859 milliún; toradh €732,000*

Bhí easnamh €1.127 milliún i gcaiteachas mar gheall gur cuireadh cruinnithe a bhí beartaithe le tarlú ar an láthair ar athlá de bharr Covid-19.

**A.7 Cumarsáid phoiblí maidir le Covid-19**

*Soláthar meastacháin €20 milliún; toradh €16.901 milliún*

Tíolacadh sonraisc ar fiú €2.375 iad i mí an Mhárta 2021 lena n-íoc maidir le roinnt feachtas a reáchtáladh i mí na Nollag 2020 agus ba iad sin ba chúis leis an easnamh €3.099 milliún i gcaiteachas i gcomparáid leis an soláthar meastacháin den chuid is mó.

# Nóta 4 Fáltais

## 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1 | Leithreasaí-i-gcabhair | 58 | 20 | 34 |
| 2 | Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar phá seirbhíse poiblí | 797 | 606 | 673 |
| | **Iomlán** | **855** | **626** | **707** |

**Difríochtaí suntasacha**

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i bhfáltais (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí leithreasaí-i-gcabhair €229,000 níos lú ná an meastachán.

**2 Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí**

*Soláthar meastacháin €797,000; toradh €606,000*

Cuireadh moill ar fholúntais a líonadh mar a bhí beartaithe, agus bhí na ranníocaíochtaí aoisliúntais breise níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis dá bharr sin. Mar thoradh air sin, tháinig laghdú €191,000 ar fháltais i gcomparáid leis an meastachán.

## 4.2 Fáltais bhreise is iníoctha leis an Státchiste

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | 43 | 29 |
| Fáltais ó ghéilleadh tuarastail deonach sealbhóirí oifige | 55 | 43 |
| Aistrithe chuig an Státchiste | (43) | (29) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | **55** | **43** |

# Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

## 5.1 Líon na bhfostaithe

| Coibhéisí lánaimseartha ag deireadh na bliana | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| Roinn | 236 | 232 |
| Gníomhaireacht - An Oifig Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialach | 14 | 14 |
| | **250** | **246** |

## 5.2 Pá – Roinn

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 14,724 | 13,675 |
| Iomarcaíocht agus scaoilíocaíocht | 322 | — |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 295 | 357 |
| Íocaíochtaí ragoibre | 283 | 355 |
| ÁSPC an Fhostóra | 1,149 | 1,032 |
| **Pá iomlán** [a] | **16,773** | **15,419** |

Nóta [a] Áirítear pá i ndáil le foireann binsí agus i ndáil le coimisiún imscrúdúcháin ar fhigiúr iomlán pá na roinne.

## 5.3 Pá - Gníomhaireacht

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 1,189 | 1,243 |
| ÁSPC an Fhostóra | 103 | 101 |
| **Pá Iomlán** | **1,292** | **1,344** |

Nóta Faisnéis bunaithe ar thuairisceáin ó NESDO.

## 5.4 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre - Roinn

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | An íocaíocht aonair is airde | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2020 | 2019 |
| | | | € | € |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 35 | 13 | 26,066 | 88,412 |
| Ragobair | 83 | 8 | 20,678 | 24,192 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 16 | 9 | 30,575 | 25,301 |

## 5.5 Socruithe eile maidir le luach saothair

Rinneadh íocaíocht *ex-gratia* €29,829 (2019: €29,829) i dtaca le sochair scoir aontaithe le hiarfhostaí amháin.

Áirítear sa chuntas seo caiteachas €108,335 i ndáil le hoifigeach amháin a bhí ag fónamh lasmuigh den Roinn ar feadh na bliana 2020 ar fad agus arbh í an Roinn a d'íoc a chuid tuarastail leis.

Ní áirítear sa chuntas seo caiteachas i ndáil le seachtar oifigeach a bhí ag fónamh lasmuigh den Roinn ar feadh na bliana 2020 ar fad nó cuid di i ranna/oifigí rialtais eile agus arbh iad na ranna/na hoifigí sin a d'íoc a gcuid tuarastal leo.

## 5.6 Ró-íocaíochtaí párolla

| | Líon na bhfaighteoirí | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| Ró-íocaíochtaí | 4 | 6,405 | 4,377 |
| Pleanannna aisghabhála i bhfeidhm | 2 | 3,104 | 99 |

Aistríodh plean aisghabhála ró-íocaíochtaí amháin arbh ionann a luach agus €772 chuig an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta in 2020.

## 5.7 Scaoilíocaíochtaí/íocaíochtaí iomarcaíochta

Íocadh scaoilíocaíochtaí a raibh luach iomlán €240,002 orthu le linn na bliana 2020 le deichniúr ball foirne ar cuireadh deireadh lena gcuid fostaíochta, agus fuair ochtar acusan íocaíochtaí iomarcaíochta arbh fhiú €53,160 san iomlán iad. Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia €29,185 chomh maith le naonúr fostaithe i ndáil le híocaíocht in ionad fógra.

# Nóta 6 Ilghnéitheach

## 6.1 Coistí, coimisiúin nó fiosrúcháin speisialta

| Coimisiún cuspóra shocraithe | Bliain a cheaptha | Caiteachas carnach go dtí deireadh na bliana 2020 | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | |
| Binse Fiosrúcháin (íocaíochtaí leis an Uas. Haughey agus leis an Uas. Lowry) [a] | 1997 | 65,646 | 1,422 | 929 |
| Coimisiún Imscrúdúcháin (Coimisiún Cregan) [b] | 2015 | 9,235 | 2,190 | 1,980 |
| Coimisiún Imscrúdúcháin (Coimisiún Cooke) [c] | 2017 | 3,021 | 855 | 935 |

Nótaí

[a] Beidh tuilleadh íocaíochtaí i gceist leis an mBinse Fiosrúcháin (íocaíochtaí leis an Uas. Haughey agus leis an Uas. Lowry). Ní féidir costais deiridh a chinneadh ag an am seo.

[b] Baineann an Coimisiún Imscrúdúcháin (Cregan) le hidirbhearta áirithe a rinne Corparáid na hÉireann um Réiteach Bainc.

[c] Baineann an Coimisiún Imscrúdúcháin (Cooke) le díolachán phunann Thionscadal *Iolar* ag an nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní.

## 6.2 Costais chúitimh agus dlí

Níor tabhaíodh aon chostais chúitimh ná aon chostais dlí sa Roinn le linn na bliana 2020 (2019: €773,000).

## 6.3 Bronntanais oifigiúla

Áirítear sa chuntas an tsuim €13,079 a úsáideadh chun bronntanais a cheannach lena mbronnadh ag an Taoiseach agus Airí Stáit nó ar a son in 2020 (2019: €16,632).

## 6.4 Nithe a dhíscríobhadh

| Rinneadh na suimeanna seo a leanas a dhíscríobh i rith na bliana | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Stoc foilseachán (Binse Fiosrúcháin) | **40** | **—** |

## Aguisín A Cuntais comhlachtaí agus cistí faoi scáth Roinn an Taoisigh

Liostaítear sa tábla seo a leanas na comhlachtaí agus na cistí faoi scáth na Roinne ar ina leith atá oibleagáid ar an Roinn ráitis airgeadais a chur i láthair. Léirítear ann, mar a bhí ag deireadh mhí an Mhárta 2021, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta is déanaí agus an dáta ar ar cuireadh i láthair an Oireachtais iad.

| Comhlacht | Tréimhse chuntasaíochta dheiridh | Dáta na tuarascála iniúchóireachta | Dáta faighte ag an Roinn | Dáta curtha i láthair an Oireachtais |
|---|---|---|---|---|
| An Oifig Náisiúnta d'Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialach | 2019 | 22 Nollaig 2020 | 18 Eanáir 2021 | 25 Márta 2021 |